C/2025/3338

16.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12023 — TPG / CORPAY / AVIDXCHANGE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3338)

1. An 5 Meitheamh 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TPG Inc. ('TPG', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Corpay, Inc. ('Corpay', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— AvidXchange Holdings Inc. ('AvidXchange', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh TPG agus Corpay comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar AvidXchange ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda bainistíochta sócmhainní malartacha é TPG a bhfuil a cheanncheathrú i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a bhfuil sé ardán iltáirge aige: Caipitil, Fás, Tionchar, Réadmhaoin, Réitigh Mhargaidh agus TPG Angelo Gordon,

— Is soláthraí domhanda cártaí tráchtála (e.g. cártaí gnó, cártaí breosla, cártaí fíorúla) agus réitigh uathoibrithe chuntais iníoctha chuig gnólachtaí é Corpay, a bhfuil a cheanncheathrú i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac,

— Is soláthraí réitigh bogearraí uathoibrithe chuntais iníoctha agus íocaíochta le haghaidh gnólachtaí meánmhargaidh agus a soláthróirí é AvidXchange, a bhfuil a cheanncheathrú i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus atá liostaithe ar NASDAQ. Digitíonn agus uathoibríonn AvidXchange sreafaí oibre maidir le cuntais iníoctha agus is tarchuradóir airgid ceadúnaithe é le haghaidh íocaíochtaí gnólacht le gnólacht i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12023 — TPG / CORPAY / AVIDXCHANGE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË